



intinní
fiosracha
Aimsigh ETIM



Acmhainn Ranga

An tsraith um iniúchadh
a dhéanamh ar do
thimpeallacht agus
úsáid á baint agat as
do chuid céadfaí –
Éisteacht



Imscrúdú

An tsraith um iniúchadh a dhéanamh ar do thimpeallacht agus úsáid á baint agat as do chuid céadfaí – Éisteacht

Leibhéal an Ranga – Sóisearach

Naisc leis an gCuraclam

Snáith:	Rudaí Beo, Fuinneamh agus Fórsaí
Snáithaonad:	Mé féin, Fuaim
Cuspóirí Curaclaim:	Cosúlachtaí agus difríochtaí fisiceacha idir daoine aonair a aithint agus nó a thomhas; Na céadfaí go léir a úsáid le bheith feasach ar thimpeallachtaí agus iniúchadh a dhéanamh orthu; Fuaimeanna arda agus ísle, agus fuaimeanna callánacha agus séimhe a shainaitheint agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu
Forbairt Scileanna:	Ceistiú, Fiosrú, Breathnú, Anailísiú, Taifeadadh agus Cumarsáid, Iniúchadh
Focail/stór focal nua:	Céadfaí, Creathanna
Focail nua:	Éisteacht
Naisc thraschuraclaim:	Béarla, Ceol
Trealamh/ábhair	- Coimeádán neamh-thrédhearcach - Bia éagsúla (gránach, duilleoga sailéad, síolta) - Coimeádán beag neamh-thrédhearcach do gach grúpa foghlaimeoirí - Rudaí éagsúla (cipíní, LEGO®, pinn luaidhe, boinn) Nóta: Ní mór earraí a chur sa choimeádán neamh-thrédhearcach roimh an imscrúdú ionas gur féidir le foghlaimeoirí a thuairisc a dhéanamh ar an t-ábhar a fheiceáil.



Spreag spéis

Ceisteanna a spreagadh

- Cén úsáid a bhainimid as ár gcluasa?
- An féidir linn rudaí a shainaithint trí úsáid a bhaint as ár gcluasa?
- Cad iad na rudaí is fearr a shainaithint trí úsáid a bhaint as fuaim?
- Iarr ar na foghlaimeoirí a súile a dhúnadh. Cad iad na fuaimeanna is féidir leo a chloisteáil sa timpeallacht thart orthu? Éist leis na fuaimeanna chun mapa fuaime a dhéanamh.

Taiscéaladh

Iarrtar ar na foghlaimeoirí a súile a dhúnadh agus cuireann an múinteoir rud in airde. Iarrtar ar na foghlaimeoirí an rud atá curtha in airde ag an múinteoir a shainaithint agus a súile dúnta - an féidir le fuaim cabhrú linn rudaí a shainaithint? Iarr ar na foghlaimeoirí a gcluasa a chlúdach - an féidir leo fuaim atá á déanamh ag an múinteoir a shainaithint?

Eolas Cúlra

Bainimid úsáid as ár gcéadfaí chun idirghníomhú leis an domhan agus lenár dtimpeallacht beagnach go hiomlán de réir nádúir. Bainimid úsáid as ár súile, ár gcluasa, agus ár srón chun contúirt thart orainn a shainaithint. Is minic a úsáidimid meascán de chéadfaí i ngach rud a dhéanaimid ach is gnách linn díriú ar chéadfa ceannasach amháin agus taiscéaladh á dhéanamh againn ar áiteanna éagsúla ar fud an domhain. Mar shampla, dírimid ar an gcaoi a n-éistimid le ceol, ach is annamh a dhéanaimid machnamh ar an gcaoi a motháimid é (an dord/an buille). Dírimid ar bhlas an bhia ach measaimid go bhfuil boladh tánaisteach. Sainaithnímid rudaí le radharc ach is furasta sinn féin a chur amú nuair nach n-úsáidtear ach tadhall. Trí thaiscéaladh a dhéanamh ar an timpeallacht ag baint úsáide as na céadfaí a mheasfadh an chuid is mó de dhaoine iad a bheith tánaisteach (nó nach measfaidís orthu ar chor ar bith), tuigimid cé chomh tábhachtach agus atá gach céadfa inár saol laethúil.

Déantar fuaim de chreathanna a thaistealaíonn tríd an aer, trí sholaid agus trí leachtanna agus bíonn siad le cloisteáil nuair a shroicheann siad cluas duine e.g. duine ag caint, carr ag séideadh nó ceol. Ní féidir na creathanna seo a thabhairt faoi deara ar shlí eile ach amháin má bhíonn siad an-challánach nó má bhíonn go leor doird acu.

Nuair a bhíonn fuaimeanna an-challánach nó nuair a bhíonn go leor doird acu is féidir na creathanna san aer a mhothú go fisiciúil sa chuid eile dár gcorp (ní hamháin inár gcluasa).

Cur i bhfeidhm sa saol réadúil:

Chun go mbeidh an tsochaí níos cuimsithí, ní mór riachtanais gach duine a chur san áireamh. Níl mórán dár saol laethúil deartha go fóill do dhaoine a bhfuil riachtanais bhreise nó míchumais acu. Trí imscrúdú a dhéanamh ar an domhan thart orainn ag baint úsáide as céadfaí eile, is féidir linn ár dtuiscint a mhéadú ar an gcaoi a ndéanann duine a bhfuil lagú éisteachta, radhairc, bolaidh, blais nó tadhaill acu a mbealach tríd an domhan. Cuirfidh sé seo ar chumas na bhfoghlaimeoirí machnamh a dhéanamh ar fhachtóirí a mbíonn tionchar acu ar dhaoine éagsúla, rudaí nach ndearna siad machnamh orthu roimhe, b'fhéidir. Is iad foghlaimeoirí an lae inniu innealtóirí, ceannairí agus eolaithe na todhchaí agus cinnfidh siad cé chomh maith agus a bheidh ár ndomhan deartha do chách.



Déan imscrúdú

Ceist tosaíthe

Is iontach iad ár gcluasa maidir le hinsint dúinn cad atá i gceist nuair nach féidir linn é a fheiceáil, amhail bonnán otharchairr nó madra ag tafann. Cé chomh maith agus atá ár gcluasa maidir le rud a shainaithint nach gcruthaíonn go leor fuaimne de ghnáth?

Ag tuar:

Tá sé in am buille faoi thuairim a thabhairt ar cad iad na rudaí éagsúla trí úsáid a bhaint as ár n-éisteacht. Éist le fuaimneanna rudaí/bianna éagsúla agus tuar cad iad atá i gceist.

Imscrúdú a Dhéanamh

- Cuir coimeádán neamh-trédhearcach séalaithe do na foghlaimeoirí ina bhfuil cuid den bhia e.g. gránach bricfeasta.
- Croith an coimeádán agus iarr ar na foghlaimeoirí a thuar cad é an rud sula nochtfar é.
- Nocht an t-inneachar agus féach cé mhéad duine a bhí ceart.

- Anois iarr ar na foghlaimeoirí a bhriseadh ina ngrúpaí agus an t-imscrúdú a dhéanamh arís iad féin le rudaí difriúla.
- Iarr ar na foghlaimeoirí taifead a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirfidís síos ar fhuaimneanna na rudaí agus iad á gcroitheadh e.g. ard, íseal, callánach, séimh.
- Nuair a nochtfar na rudaí, iarr ar na foghlaimeoirí focail a thaifeadadh a d'úsáidfidís chun cur síos a dhéanamh ar chuma na rudaí.

Sonraí/torthaí a roinnt

- Cruthaigh néal focal de na focail is mó a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar fhuaimneanna rudaí.
- Déan mar an gcéanna ach leis na focail thuairisciúla ar an gcuma atá ar na rudaí.
- An bhfuil na focail chéanna i gceist le haon chinn de na focail? Conas a athraíonn an chéadfa a úsáidimid ár mbraistint ar na rudaí?



Tóg an Chéad Chéim Eile

Cuir in oiriúint do do bhaile é:

Déan an t-imscrúdú mar a thuairiscítear thuas ag baint úsáide as rudaí nó as ábhair éagsúla a fhaightear sa teach.

Cuir in oiriúint don leibhéal sinsearach:

Iarr ar na foghlaimeoirí é a thógáil céim níos faide agus a gcuid ábhar a athrú le féachaint an féidir fuaim an-difriúil ar fad a chur ar na hábhair chéanna. Mar shampla, bain úsáid as LEGO® scaoilte ar dtús, ansin ceangail le chéile é chun bloc soladach amháin a dhéanamh. Athróidh sé seo an fhuaim go hiomlán agus na hábhair a choinneáil mar an gcéanna.

Dúshlán ina dhiaidh sin/tionscadal/baint le heolaíocht saoránach:

- Agus an aibítir ISL (teanga chomharthaíochta na hÉireann) in úsáid agat, féach an féidir le gach foghlaimeoir foghlaim conas focal amháin nó b'fhéidir a n-ainm a litriú i dteanga chomharthaíochta. Tabharfaidh sé seo tuiscint i bhfad níos fearr dóibh ar conas a oibríonn teanga chomharthaíochta.

